CHY 19870

# Ionad Ealaíon Áras Éanna, Inis Oírr

Folúntas: **Riarthóir Ealaíon**

## Sonraí an Phoist

- Post lánaimseartha 35 uair oibre (40 uair, lúide uair d'am lóin).
- Lonnaithe in Ionad Ealaíon Áras Éanna, in Inis Oírr.
- Scála Tuarastail bhliantúil idir €33,000 agus €40,000 ag brath ar cháilíochtaí agus taithí.
- Ní mór solúbthacht ó thaobh uaireanta oibre, nuair a bhíonn imeachtaí ar siúl beidh obair tráthnóna agus deireadh seachtaine i gceist.
- Tabharfar am saor i leith uaireanta breise a oibrítear.
- I dteideal 25 lá saoire in aghaidh na bliana.
- Beidh an té a cheapfar freagrach don Stiúrthóir Ealaíon.

## Dualgais

- An oifig a bhainistiú ó lá go lá
- An fón a fhreagairt agus déileáil le fiosruithe éagsúla
- Páipéarachas, trealamh oifige agus soláthairtí eile a ordú de réir mar a theastaíonn siad
- Sonraí teagmhálaithe a choinneáil suas chun dáta mar aon le hardáin na meán sóisialta agus suíomh idirlín Áras Éanna
- Féilire riaracháin a choinneáil: sceidealú ar dhátaí tábhachtacha, spriocdhátaí maidir le hiarratais maoinithe, cruinnithe boird, agus araile
- I gcomhar leis an Stiúrthóir dialann an ionaid a choinneáil: Gailearaí; Ealaíontóir Cónaithe; Amharclann, Ceolchoirmeacha agus imeachtaí eile
- Cuidiú le féilte, imeachtaí, oscailtí agus ócáidí eile a eagrú.
- An doras a bhainistiú de réir mar is gá nuair a bhíonn imeachtaí ar siúl
- Lóistín, iompar agus taisteal a eagrú d'ealaíontóirí agus aíonna.
- Idirchaidreamh le healaíontóirí, tithe lóistín, iompar agus taisteal
- Cinntiú go bhfuil na spásanna éagsúla in ord sula n-úsáidtear iad – lóistín na n-ealaíontóirí, stiúideo, amharclann agus gailearaí
- Cinntiú go bhfuil earraí níocháin, glantacháin agus soláthairtí cuí ar fáil
- Iarratas a dhéanamh ar chistí maoinithe éagsúla i gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíon i.e An Chomhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, an Comhairle Contae agus a leithéid
- Cuidiú leis an Stiúrthóir Ealaíon an buiséad bliantúil a leagan amach.
- Cuntas agus smacht a choinneáil ar ioncam agus ar chaiteachas i gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíon.
- I gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíon, polasaithe an ionaid a choinneáil suas chun dáta de réir treoracha na Comhairle Ealaíon, Ealaín na Gaeltachta agus maoinitheoirí eile.

- I gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíon, cinntiú go bhfuil imeachtaí ag cloí leis na polasaithe éagsúla, m.sh. Cosaint Sonraí (GDPR), Cosaint Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht.
- Tacú leis an Stiúrthóir Ealaíon Clár Ealaíon na bliana a chur i bhfeidhm
- Cuidiú leis an Stiúrthóir Ealaíon poiblíocht a eagrú don Chlár Ealaíon agus Áras Éanna
- Cruinnithe Boird a eagrú, seomra cruinnithe a chur in áirithe, baill an Bhoird a choinneáil ar an eolas maidir le dátaí agus araile.
- Miontuairiscí a choinneáil ag cruinnithe Boird agus iad a scaipeadh
- Dualgais eile mar a aontaítear.

## Sonraíocht Phearsanta & Cáilíochtaí

- Taithí ar Microsoft Office (Word agus Excel) agus ar na Meáin Shóisialta
- Bheadh taithí ag úsáid pacáiste cuntasaíochta ina bhuntáiste, ach níl riachtanach
- Gaeilge agus Béarla labhartha agus scríofa d'ardchaighdeán
- Cáilíocht nó taithí i gcúrsaí riaracháin, bainistíocht oifige agus imeachtaí a eagrú.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide
- Taithí agus cumas ar bhainistiú airgeadais, caiteachas a thaifeadadh agus a thuairisciú
- Suim agus eolas ar na healaíona
- Cumas oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir Ealaíon, príomhghníomhaireachtaí, ealaíontóirí agus daoine a bhaineann leis na healaíona go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Cumas oibriú as do stuaim féin.

Tá Áras Éanna tiomanta don éagsúlacht ina luach saothair agus fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

Fostóir comhionannais deise é Áras Éanna agus déantar iarratais cáilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí sóisialta, cine ná eitneacht, éagumas, stádas sibhialta ná teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den lucht siúil.

Táimid tiomanta timpeallacht oibre thacúil a sholáthar agus táimid sásta socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir le gach iarrthóir páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas iarratais agus san agallamh